Foirm Iarratais ar

# Dheontas Cúram Faoisimh

**An chaoi a gcomhlánaítear foirm iarratais ar Dheontas Cúram Faoisimh.**

- Stróic amach an leathanach seo agus bain úsáid as mar threoir ar chomhlánú na foirme seo, le do thoil.
- Bain úsáid as peann gránbhiorach **DUBH**, le do thoil.
- Bain úsáid as BLOCLITREACHA le do thoil, agus cuir X sna boscaí cuí.
- Freagair na **ceisteanna go léir** a bhaineann leat, le do thoil. Mura mbaineann ceist áirithe leat, fág an spás freagartha folamh, le do thoil.
- Bíonn gá agat le hUimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP) sula gcuireann tú iarratas isteach.

**Iarratasóir:**

Comhlánaigh **Codanna 1, 2 agus 3** de réir mar a bhaineann siad leat. Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, sínigh an dearbhú i g**Cuid 1**.

**An duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di:**

Comhlánaigh agus sínigh **Rannán A** i g**Cuid 4** den tuairisc leighis, le do thoil.

**Dochtúir:**

Comhlánaigh **Rannán B** i g**Cuid 4** den tuairisc leighis, le do thoil. Bí cinnte go gcuirfidh tú síniú agus stampa ar an gcuid seo den fhoirm, le do thoil.

Comhlánaigh an fhoirm seo má thugann tú aire do dhuine amháin. Má tá tú ag tabhairt cúraim do bheirt nó níos mó, déan teagmháil le Rannóg an Deontais Cúram Faoisimh ag (01) 704 3240, le do thoil, agus seolfaidh siad foirm cheart RCG1(a) chugat le haghaidh gach duine breise. Rogha eile atá agat ná íoslódáil na foirme seo ó **www.welfare.ie**.

Má tá cúnamh ar bith uait le comhlánú na foirme seo, déan teagmháil le d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó leis an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh nó le Rannóg an Deontais Cúram Faoisimh ag (01) 704 3240, le do thoil.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

## Conas an chéad leathanach den fhoirm seo a chomhlánú

Le cabhrú linn d'iarratas a phróiseáil:

- Scríobh na litreacha agus na huimhreacha go soiléir.
- Úsáid bosca amháin le haghaidh gach carachtair (litir nó uimhir).

Féach ar an sampla thíos, le do thoil.

1. **D'Uimh. PSP:** 1 2 3 4 5 6 7 T

2. **Teideal:** (cuir 'X' isteach nó luaigh sonraí) An tUas. [ ] Bean [X] Eile [ ]

3. **Sloinne:** U Í MHURCHÚ

4. **Céadainm(neacha):** MÁIRÍN

5. **Do chéadainm mar atá sé ar do theastas breithe:** MÁIRE

6. **Sloinne breithe:** NIC DHIARMADA

7. **Sloinne breithe do mháthar:** NÍ CHEALLAIGH

8. **Do dháta breithe:** 28 02 1970
LL MM BBBB

## Sonraí Teagmhála

9. **Do sheoladh:**
1 AN TSRÁID NUA
AN SEANBHAILE
CO. DHÚN NA NGALL

10. **D'uimhir ghutháin:** 017043000
LÍNE TALÚN
0861234567
G. PÓCA

11. **Do sheoladh ríomhphoist:** MMHURCHU@WELFARE.IE

SAMPLA

Foirm Iarratais ar

# Dheontas Cúram Faoisimh

Le hAghaidh Úsáid Oifigiúil Amháin

Cúramóir ____________

Faighteoir Cúraim ____________

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

**RCG 1**

## Cuid 1 Do shonraí féin

1. **D'Uimh. PSP:** [ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ]
2. **Teideal:** (cuir 'X' isteach nó luaigh sonraí) An tUas. [ ] Bean [ ] Eile [ ]
3. **Sloinne:**
4. **Céadainm(neacha):**
5. **Do chéadainm mar atá sé ar do theastas breithe:**
6. **Sloinne breithe:**
7. **Sloinne breithe do mháthar:**
8. **Do dháta breithe:** L L / M M / B B B B

## Sonraí Teagmhála

9. **Do sheoladh:**
10. **D'uimhir ghutháin:**
    G. PÓCA
    LÍNE TALÚN
11. **Do sheoladh ríomhphoist:**

## Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas go léir atá tugtha agam ar an bhfoirm seo cruinn.
Inseoidh mé don Roinn nuair a thagann athrú ar mo chúinsí.

**Síniú** (**ní** bloclitreacha)

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

**Rabhadh: Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú eolas siar, d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh agus fíneáil nó téarma príosúnachta a ghearradh ort, nó an dá rud.**

**12. Cén tír inar rugadh thú?** [ ]

**13. An bhfuil tú?**

- [ ] Singil
- [ ] I do Bhaintreach (Fir)
- [ ] Athphósta
- [ ] Colscartha
- [ ] Pósta
- [ ] In aontíos le duine
- [ ] Scartha

**14. An bhfuil tú ag fáil Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra?**

- [ ] Tá
- [ ] Níl

**Má bhí tú ag fáil Liúntas/Sochar Cúramóra ar an gcéad Déardaoin i Meitheamh na bliana atá i gceist, ní gá duit an fhoirm seo a chomhlánú, ós rud é go bhfaighidh tú an Deontas go huathoibríoch le haghaidh na bliana sin. Ní íoctar ach aon deontas amháin le haghaidh gach duine a bhfuil cúram agus aire lánaimseartha á soláthar dó/di.**

Más 'Níl' an freagra, ar chuir tú iarratas isteach riamh ar Liúntas Cúramóra nó ar Shochar Cúramóra?

- [ ] Chuir
- [ ] Níor chuir

Má 'Chuir', cérbh é bliain an iarratais? B B B B

**15. Ar chuir tú iarratas isteach ar Dheontas Cúram Faoisimh riamh?**

- [ ] Chuir
- [ ] Níor chuir

Má 'Chuir', cén bhliain a ndearna tú é? B B B B

**16. An bhfuil tú nó an raibh tú ag fáil Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó an bhfuil tú nó an raibh tú ag síniú le haghaidh ranníocaíochtaí creidiúnaithe le 18 mí anuas?**

- [ ] Tá/Bhí
- [ ] Níl/Ní raibh

**Má tá tú ag obair nó ag freastal ar chúrsa oideachais nó oiliúna taobh amuigh den bhaile ar feadh níos mó ná 15 uaire in aghaidh na seachtaine, níl tú cáilithe le haghaidh an Deontais Cúram Faoisimh.**

**17. An bhfuil tú nó an raibh tú fostaithe lasmuigh den bhaile le 18 mí anuas?**

- [ ] Tá/Bhí
- [ ] Níl/Ní raibh

Más 'Tá/Bhí' an freagra, luaigh na tréimhsí fostaíochta agus líon na n-uaireanta a d'oibrigh tú in aghaidh na seachtaine, le do thoil.

Ó:
Go dtí:
L L M M B B B B
Uaireanta: in aghaidh na seachtaine

Ó:
Go dtí:
L L M M B B B B
Uaireanta: in aghaidh na seachtaine

Ó:
Go dtí:
L L M M B B B B
Uaireanta: in aghaidh na seachtaine

**18. Má tá tú nó má bhí tú féinfhostaithe taobh amuigh den bhaile le 18 mí anuas ar bhealach ar bith, lena n-áirítear feirmeoireacht nó Scéim Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, bíodh an chuid seo a leanas comhlánaithe ag do chuntasóir, le do thoil.**

**Le bheith comhlánaithe ag Cuntasóir**

Dearbhaím go bhfuil/raibh [ ] féinfhostaithe de ghnáth agus gur oibrigh sé/sí [ ] uair in aghaidh na seachtaine

Ó: [ ] [ ] [ ]

Go dtí: [ ] [ ] [ ]

L L M M B B B B

**Sonraí Cuntasóra**

**Ainm:**

**Seoladh:**

**Uimhir Ghutháin:** G. PÓCA

LÍNE TALÚN

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam anseo fíor agus iomlán.
Sínithe ag nó ar son an Chuntasóra:

**Síniú** (**ní** bloclitreacha)

Dáta: [ ] [ ] 2 0 [ ]

L L M M B B B B

**Stampa oifigiúil**

**Is cion é gan an t-eolas bainteach a bhaineann le héileamh ar Dheontas Cúram Faoisimh a sholáthar nó páirt a ghlacadh in iarratas bréagach.**

**19. An bhfuil tú nó an raibh tú ag freastal ar chúrsa oideachais nó oiliúna taobh amuigh den bhaile le 18 mí anuas?**

☐ Tá/Bhí ☐ Níl/Ní raibh

☐ Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) ☐ Oiliúint FÁS

Rudaí Eile:

Sonraigh, le do thoil

Uaireanta: [ ] in aghaidh na seachtaine

**20. Má oibríonn/d'oibrigh tú nó má fhreastalaíonn/d'fhreastail tú ar chúrsa oideachais nó oiliúna taobh amuigh den bhaile ar feadh 15 uaire an chloig nó níos lú in aghaidh na seachtaine le 18 mí anuas, iarr ar d'fhostóir nó ar an údarás oiliúna an chuid seo a leanas a chomhlánú, le do thoil.**

## Le bheith comhlánaithe ag an bhFostóir nó ag an Údarás Oiliúna

Dearbhaím go bhfuil/raibh [ ] fostaithe agam nó faoi oiliúint agam ar feadh [ ] uair in aghaidh na seachtaine ó [ ] [ ] [ ]
L L M M B B B B

Deireadh na fostaíochta (más bainteach) [ ] [ ] [ ]
L L M M B B B B

**Sonraí Fostóra nó Údarás Oiliúna**

**Ainm:**

**Seoladh:**

**Uimhir Ghutháin:** G. PÓCA

LÍNE TALÚN

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam anseo fíor agus iomlán.
Sínithe ag nó ar son an Fhostóra nó an Údaráis Oiliúna:

**Síniú** (**ní** bloclitreacha)

**Stampa oifigiúil**

Dáta: [ ] [ ] [2 0 _ _]
L L M M B B B B

**Is cion é gan an t-eolas bainteach a bhaineann le héileamh ar Dheontas Cúram Faoisimh a sholáthar nó páirt a ghlacadh in iarratas bréagach.**

## Cuid 2 — Sonraí an duine dá dtugann tú cúram

**21. A (h)Uimhir PSP:** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**22. A s(h)loinne:**

**23. A c(h)éadainm(neacha):**

**24. A d(h)áta breithe:** L L / M M / B B B B

**25. An bhfuil aon duine eile ag fáil Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúram Baile lena (h)aghaidh?**

☐ Tá ☐ Níl

**Ní íoctar ach aon deontas amháin le haghaidh gach duine a bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth air/uirthi.**

**26. Céard é an nasc idir tú féin agus an duine dá dtugtar cúram?**

**27. Ar chuir éinne iarratas isteach ar Dheontas Cúram Faoisimh le haghaidh an duine atá ainmnithe thuas?**

☐ Chuir ☐ Níor chuir

**28. An raibh an duine dá dtugtar cúram ag obair lasmuigh den bhaile le 18 mí anuas?**

Má 'Bhí', luaigh sonraí le do thoil: ☐ Bhí ☐ Ní raibh

Ainm an fhostóra:

Seoladh:

Cineál oibre:

Uaireanta: ☐☐ in aghaidh an lae

Laethanta: ☐ in aghaidh na seachtaine

**29. An raibh an duine seo ina (h)othar cónaitheach in Ospidéal/Ionad Téarnaimh nó in institiúid dá leithéid le 18 mí anuas?**

Má 'Bhí', luaigh sonraí le do thoil: ☐ Bhí ☐ Ní raibh

Ainm an Ospidéil/Ionaid:

Seoladh:

Am a caitheadh ann: Ó: L L / M M / B B B B

Go dtí: L L / M M / B B B B

## Sonraí faoin gcineál cúraim a chuireann tú ar fáil

**30. Cén uair a thosaigh tú ag cur cúram lánaimseartha ar fáil dó/di?** L L M M B B B B

**31. An raibh tú nó an dóigh go mbeidh tú ag cur cúram agus aire lánaimseartha ar fáil ar feadh 6 mhí ar a laghad?**

☐ Bhí/Beidh ☐ Ní raibh/Ní bheidh

**TABHACHTACH: Íoctar Deontas Cúram Faoisimh san aon chás go gcuimsíonn an tréimhse chúraim 6 mhí an chéad Déardaoin i Meitheamh. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.**

**32. Tabhair sonraí faoin gcineál cúraim (lena n-áirítear cúram pearsanta) a sholáthraíonn tú don duine seo, le do thoil:**

Uaireanta: ☐☐ in aghaidh an lae

Laethanta: ☐ in aghaidh na seachtaine

**33. Mura bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí leat, luaigh a s(h)eoladh le do thoil:**

An fad idir an dá theaghlach: ☐☐ ciliméadar

**34. An bhfuil líne ghutháin dhíreach nó modh leictreonach cumarsáide ann idir an dá theaghlach?**

☐ Tá ☐ Níl

Mura bhfuil, tabhair sonraí faoi nasc díreach eile:

G. PÓCA

LÍNE TALÚN

An áis cúraim chónaithigh lánaimseartha atá sa seoladh thuas (mar shampla, Teach Altranais)?

☐ Is ea ☐ Ní hea

## Cuid 3 — Seiceáil go bhfuil tú cáilithe le haghaidh an Deontais Cúram Faoisimh

**An bhfuil tú ag obair níos mó ná 15 uaire in aghaidh na seachtaine lasmuigh den bhaile?**

☐ Tá ☐ Níl

**An bhfuil tú ag fáil Sochair do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta?**

☐ Tá ☐ Níl

**An bhfuil tú ag síniú le haghaidh Creidmheasanna do Lucht Cuardaigh Fostaíochta?**

☐ Tá ☐ Níl

**Más 'Tá' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, níl tú cáilithe le haghaidh an Deontais Cúram Faoisimh. Ná lean leis an éileamh seo, le do thoil.**

**An bhfuil tú ag tabhairt cúraim ar bhonn lánaimseartha don duine/do na daoine atá ainmnithe san fhoirm seo?**

☐ Tá ☐ Níl

**An raibh tú nó an mbeidh tú ag cur cúram agus aire lánaimseartha ar fáil ar feadh 6 mhí ar a laghad?**

☐ Bhí/Beidh ☐ Ní raibh/Ní bheidh

**Tá an deontas iníoctha sa chás sin amháin go gcuimsíonn an tréimhse chúraim an chéad Déardaoin i mí an Mheithimh.**

**Más 'Níl' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, níl tú cáilithe le haghaidh an Deontais Cúram Faoisimh. Ná lean leis an éileamh seo, le do thoil.**

**Chun leanúint leis an iarratas seo**

* Seiceáil gur chuir tú d'Uimhir PSP isteach
* Seiceáil gur fhreagair tú na ceisteanna uile
* Seiceáil gur chuir tú isteach Uimhir PSP an duine dá dtugann tú cúram
* Seiceáil gur shínigh tú an fhoirm (Cuid 1)
* Bíodh an tuairisc leighis (Cuid 4) sínithe ag an duine dá dtugann tú cúram agus comhlánaithe ag a d(h)ochtúir.

**TÁBHACHTACH!** Má tá aon eolas in easnamh, cuirfidh sé sin moill ar d'iarratas. D'fhéadfadh loiceadh maidir leis na ceisteanna uile a fhreagairt moill a chur ar fhreagra ar d'iarratas

**Rabhadh: Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú eolas siar, d'fhéadfaí fíneáil nó téarma príosúnachta a ghearradh ort, nó an dá rud.**

## Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe seo chuig:

**Rannóg an Deontais Cúram Faoisimh**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bosca Oifig Phoist 10085
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 704 3240

**Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise**

**Coinneoimidne, An Roinn Coimirce Sóisialaí, ina rún an fhaisnéis ar fad agus na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn. Ní nochtfar iad do chomhlachtaí ná do dhaoine eile ach de réir an dlí.**

Is mar threoir amháin atá na míniúcháin agus na téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar inti.

00k 07-10 Eagrán: Iúil 2010

## Nóta don chúramóir

**Cuimhnigh!**

**Ní** gá duit iarratas a chur isteach ar an Deontas Cúram Faoisimh má tá tú féin nó duine eile ag fáil Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra, Liúntas Cúram Baile nó Liúntas Gaolta Forordaithe le haghaidh chúram an duine seo, ar an gcéad Déardaoin i Meitheamh na bliana sin a bhfuil tú ag éileamh lena haghaidh.

Íoctar an Deontas Cúram Faoisimh go huathoibríoch le héinne sa chás seo.

Tá dhá chuid i gceist leis an tuairisc leighis seo a leanas. **Bíodh Rannán A comhlánaithe ag an duine dá dtugtar cúram**. Más rud é nach bhfuil an duine dá dtugtar cúram in ann an fhoirm seo a chomhlánú, ba chóir di a bheith comhlánaithe ar a s(h)on agus í sínithe ag finné.

Caithfidh tú an tuairisc leighis a chur ar aghaidh ansin chuig dochtúir an duine a bhfuil an cúram á chur ar fáil dó/di. **Caithfidh an dochtúir Rannán B a chomhlánú, lena n-áirítear ceisteanna 1-11**. Ós rud é go bhfuil go leor sonraí i gceist leis seo, ní dócha go líonfaidh an dochtúir an fhoirm isteach láithreach. Tig libh beirt aontú faoi am oiriúnach lena bailiú. Seans go gcuirfidh an dochtúir an fhoirm ar ais chugat i gclúdach litreach dúnta, ar mhaithe le rúndacht leighis.

**Bí cinnte go seolfaidh tú an fhoirm leighis ar ais le d’iarratas, le do thoil.**

# Tuairisc Leighis le haghaidh Deontas Cúram Faoisimh

## Cuid 4 Tuairisc Leighis

### Rannán A

**Sonraí an iarratasóra** (sonraí an duine atá ag soláthar cúram lánaimseartha)

Sloinne: | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Céadainm: | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Uimh. PSP: | | | | | | | | | |

## Dearbhú an duine a dtugtar cúram agus aire lánaimseartha dó/di

**Rannán A**

**Údarú**

Tá **cúram** agus **aire lánaimseartha** de dhíth orm agus tá an duine atá ainmnithe i gCuid 1 ag cur cúram agus aire lánaimseartha ar fáil dom. Inseoidh mé don Roinn Coimirce Sóisialaí má thagann athrú ar an gcás seo.

Tugaim cead do mo dhochtúir eolas leighis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh an iarratais seo ar Dheontas Cúram Faoisimh a sholáthar daoibhse, an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Tuigim go bhfuil an seans ann go mbeidh orm dul faoi scrúdú leighis ó am go ham agus go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar mo cheart i leith cúram a fháil faoi scéim an Deontais Cúram Faoisimh ag am ar bith.

**Síniú** (**ní** bloclitreacha)

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

Murar féidir leat an fhoirm a shíniú, ba cheart duit do mharc a dhéanamh i láthair finné. Ní cheadaítear don chúramóir ná do dhuine de theaghlach an chúramóra a bheith ina f(h)inné.

**Síniú** (**ní** bloclitreacha)

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

**Tabhair faoi deara**

**Má shíníonn tú an t-údarú thuas, tá tú ag ligean do do dhochtúir an t-eolas leighis atá de dhíth orainn a thabhairt dúinn, chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tú cáilithe le haghaidh cúraim faoi scéim an Deontais Cúram Faoisimh.**

**Déanfaidh duine dár Measúnóirí Leighis athbhreithniú ar an eolas leighis agus pléifear leis faoi rún docht. Cé gur doiciméad faoi rún atá ann, caithfidh idir lucht leighis agus dhaoine nach iad déileáil leis an tuairisc seo.**

Rannán B

## Rannán B

A Dhochtúir, a chara,

Comhlánaigh an tuairisc leighis thall, le do thoil, le cur ar ár gcumas measúnú cruinn a dhéanamh ar cháilitheacht d'othair i leith cúraim ar a s(h)on, faoi scéim an Deontais Cúram Faoisimh. Déanfaidh duine dár Measúnóirí Leighis athbhreithniú ar an eolas leighis a chuirfear ar fáil agus caithfidh sé/sí leis go hiomlán faoi rún. Cé gur doiciméad rúnda é, beidh ar dhaoine leighis agus neamhleighis araon a bheith ag déileáil leis an tuairisc seo.

Is féidir leat táille ar leith a fháil ach an tuairisc seo a chomhlánú go hiomlán agus í a sheoladh ar ais. Cuir isteach d'uimhir phainéil ón RCS sa bhosca atá curtha ar fáil, le do thoil, chun íocaíocht a chinntiú.

Féadfaidh sé gur mhian leat, ar chúiseanna a bhaineann le rúndacht leighis, go gcuirfí fianaise leighis an othair chuig Príomhchomhairleoir Leighis na Roinne, gan bhaol a scrúdaithe ag daoine eile. Má tá aon cheist agat faoin ábhar seo, déan teagmháil leis an Roinn ag an uimhir ghutháin thíos.

Má tá aon cheisteanna agat, déan teagmháil le **Rannóg an Deontais Cúram Faoisimh** le do thoil, ag (01) 704 3240

### Tabhair faoi deara:

Ba cheart go mbeadh Codanna 1 agus 2 den fhoirm iarratais líonta isteach ag an gcúramóir cheana. Caithfidh an duine dá dtugtar cúram Rannán A den tuairisc leighis seo a chomhlánú.

**BA CHÓIR GO SEOLFADH AN DOCHTÚIR AN FHOIRM THUAIRISCITHE LEIGHIS CHOMHLÁNAITHE AR AIS CHUIG AN GCÚRAMÓIR A SHEOLFAIDH Í, IN ÉINEACHT LENA F(H)OIRM IARRATAIS, CHUIG RANNÓG AN DEONTAIS CÚRAM FAOISIMH.**

## Rannán B

**1. Sonraí an othair**

Sloinne:

Céadainm:

Seoladh:

Dáta breithe: L L M M B B B B

Uimh. PSP:

Uimhir Ghutháin Póca:

D'fhéadfaí dul i dteagmháil leis an othar trí theachtaireacht téacs maidir le measúnú leighis

**2. Mar othar agatsa ó:** L L M M B B B B

**3. Diagnóis (úsáid BLOCLITREACHA):**

**4. Có(i)d ICD10:**

**5. Dáta ar thosaigh an riocht sláinte:** L L M M B B B B

**6. Cén fhad a leanfaidh an riocht sláinte seo ar aghaidh, dar leat?**

- ☐ níos lú ná 3 mhí
- ☐ 3-6 mhí
- ☐ 6-12 mí
- ☐ 12-24 mí
- ☐ go deo

## Cuid 4 Tuairisc Leighis

**7. Tabhair an t-eolas seo a leanas, le do thoil:**

Stair leighis

Stair mháinliach/ chnáimhseach

Iontrálacha ospidéil

Dáta ar scaoileadh é/í amach: L L M M B B B B

Toradh na n-imscrúduithe bainteacha

**8. Tabhair sonraí má tá ceann ar bith de na rudaí seo a leanas i gceist, le do thoil:**

Freastal ar speisialtóir

Ag caitheamh cógais

Cóireáil eile

**9. Ag iompar clainne:** ☐ Tá ☐ Níl

Má 'Tá', luaigh an Dáta Measta Breithe: L L M M B B B B

**Cuir aon tuairiscí bainteacha/torthaí bainteacha imscrúduithe leis seo, le do thoil.**

**Eolas Breise:**

PROIFIL CUMAIS/MICHUMAIS:

**10. Luaigh an oiread tionchair a bhíonn ag riocht sláinte d'othair ar a c(h)umas i ngach ceann de na réimsí seo a leanas.**

| | Gnách | Measartha | Meánach | Trom | Domhain |
|---|---|---|---|---|---|
| Sláinte Mheabhrach/Iompraíocht → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Foghlaim/Éirim → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Comhfhios/Taomadh → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cothromaíocht/Comhordú → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Radharc na Súl → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Éisteacht → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Urlabhra → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Coinneálacht → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cumas Sínidh → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Deaslámhacht → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Ardú/Iompar → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cromadh/Dul ar na Glúine/Suiteoireacht → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Suí/Éirí → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Seasamh → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Dreapadh Staighre/Dréimirí → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Siúl → | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

**11. D'fhéadfaí go mbeadh gá le measúnú leighis ag duine de Mheasúnóirí Leighis na Roinne chun cáilitheacht a dhearbhú.**

An bhfuil sé ar chumas d'othair freastal ar mheasúnú leighis? ☐ Tá ☐ Níl

Mura bhfuil, tabhair sonraí anseo:

**Ainm an Dochtúra:**

**Uimhir phainéil ón RCS:** **Uimhir ó CDL (IMC):**

**Seoladh:**

**Síniú an Dochtúra** (**ní** bloclitreacha)

**Stampa oifigiúil an dochtúra**

Dáta: L L M M 2 0 B B B B

## Le hAghaidh Úsáid Oifigiúil Amháin

(i) **Cáilithe le haghaidh Deontas Cúram Faoisimh:** ☐

(ii) **Athbhreithniú:** ____________________

(iii) **Ná tarchuir arís (DNRA):** ☐

(iv) **Neamhcháilithe le haghaidh Deontas Cúram Faoisimh:** ☐

**Luaigh fáthanna:**

**Sínithe** ______________________________ **Measúnóir Leighis**

**Dáta:** L L / M M / 2 0 B B

**Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise**

**Coinneoimidne, An Roinn Coimirce Sóisialaí, ina rún an fhaisnéis ar fad agus na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn. Ní nochtfar iad do chomhlachtaí ná do dhaoine eile ach de réir an dlí.**

Is mar threoir amháin atá na míniúcháin agus na téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar inti.